RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2313 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Samhain 2022

lena gcláraítear ainm i gclár na sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht (Pizza Napoletana (STR)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 26 agus Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, rinne an Iodáil an t-ainm "Pizza Napoletana" a thíolacadh d'fhonn a bheith in ann é a chlárú i gclár na Sainearraí Traidisiúnta faoi Ráthaíocht dá bhforáiltear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 le forchoimeád an ainm.

(2) Bhí an t-ainm "Pizza Napoletana" cláraithe roimhe le Rialachán (AE) Uimh. 97/2010 ([2]) mar shainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht gan forchoimeád an ainm i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 509/2006 ón gComhairle ([3]).

(3) Scrúdaigh an Coimisiún tíolacadh an ainm "Pizza Napoletana" agus foilsíodh é ina dhiaidh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([4]).

(4) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra faoi Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart an t-ainm "Pizza Napoletana" a chlárú sa chlár le forchoimeád an ainm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cláraítear an t-ainm "Pizza Napoletana" (STR) leis seo sa chlár le forchoimeád an ainm.

Sonraíocht táirge an STR "Pizza Napoletana", measfar gur í an tsonraíocht dá dtagraítear in Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 don STR "Pizza Napoletana" le forchoimeád an ainm.

Leis an ainm a shonraítear sa chéad mhír sainítear táirge de chuid Aicme 2.27. Arán, císte milis, cácaí, milseogra, brioscaí agus earraí eile báicéara d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún ([5]).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 97/2010 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2010 lena n-iontráiltear ainm i gclár na sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht [Pizza Napoletana (STR)] (IO L 34, 5.2.2010, lch. 7).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 509/2006 ón gComhairle an 20 Márta 2006 maidir le táirgí talmhaíochta agus bia-earraí mar shainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht (IO L 93, 31.3.2006, lch. 1). Rialachán arna aisghairm agus arna ionadú le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

([4]) IO C 176, 18.5.2016, lch. 13.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Samhain 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN